PDST

Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí



# Leabhrán Gníomhaíochtaí do Sheachtain na Gaeilge


Leabhrán
Gníomhaíochtaí
do
Sheachtain
na Gaeilge



# Leabhrán Gníomhaíochtaí do Sheachtain na Gaeilge

## Clár an Leabhráin


1. Gníomhaíochtaí Éisteachta
2. Gníomhaíochtaí Labhartha
3. Gníomhaíochtaí Léitheoireachta & Scríbhneoireachta
4. Spreagadh na Cainte

## 1. Gníomhaíochtaí Éisteachta

### 1.1 Deir Ó Grádaigh

Tugann an múinteoir orduithe. Má deirtear 'Deir Ó Grádaigh' roimh an ordú caithfear an t-ordú sin a leanúint. Nuair nach ndeirtear 'Deir Ó Grádaigh' ní chóir an t-ordú a leanúint. Fanann na páistí socair sa chás seo nó leanann siad orthu ag déanamh gheáitsí an ordaithe dheireanaigh. Féach www.youtube.com/watch?v=NTsJVN_qIpM chun sampla a thaispeáint do na páistí.

Mar shampla: Deir Ó Grádaigh bígí ag rith ar an spota.
Deir Ó Grádaigh léimigí go hard.
Téigí i bhfolach.

### 1.2 Siúl ar Nós

Is tuiscint teanga atá i gceist leis an ngníomhaíocht seo freisin. Leanann na páistí na treoracha. Faigheann siad spás agus tosaíonn siad ag siúl mórthimpeall an tseomra. Athraíonn siad stíl a siúil ag brath ar na treoracha. Is féidir róil nó ainmhithe a úsáid.

Mar shampla: Siúl ar nós rí.
Siúl ar nós Naomi Campbell.
Siúl ar nós imreoir sacair.
Siúl ar nós eilifint.
Siúl ar nós moncaí.

Nó is féidir treoracha níos teibí a thabhairt. Mar shampla:

Siúl ar nós bheith ar an ngealach.
Siúl ar nós bheith ar leac oighir.
Siúl ar nós bheith ag dul trasna na habhann ar chlocha.
Siúl ar nós bheith ar ghaineamh te le cosa nochta.
Siúl ar nós go bhfuil tú san ollmhargadh agus deifir ort.
Siúl ar nós go bhfuil málaí troma agat.

### 1.3 Tóg Céim

Tosaíonn na páistí i líne dhíreach. Chun an cluiche a bhuachan caithfidh siad an seomra / halla / clós a thrasnú roimh gach aon duine eile. Éisteann siad leis na treoracha agus leanann siad iad má bhaineann siad leo.

Mar shampla: Gach duine le gruaig dhonn, tógaigí dhá chéim.
Gach duine le súile donna, tógaigí trí chéim.
Gach duine le gruaig fhionn, tógaigí céim amháin chun deiridh.
Gach duine le súile glasa, tógaigí ceithre chéim chun tosaigh.

### 1.4 Ciorcal Mothúchán

Siúlann na páistí timpeall an chiorcail. Glaonn an múinteoir mothúcháin éagsúla amach agus léiríonn na páistí na mothúcháin trí ghníomh éigin a dhéanamh, mar shampla, chun brón a léiriú, bíonn aghaidh bhrónach agus ceann faoi ag na páistí.
Tar éis tamaill, is féidir masc a úsáid. Caithfear anois na mothúcháin a léiriú ag baint úsáid as gníomhaíochtaí nó geáitsí amháin.

| Foclóir samplach: | Feargach | Eaglach | Áthasach |
|---|---|---|---|
| | Brónach | Uaigneach | Ocrach |
| | Tartmhar | Sceitimíneach | Neirbhíseach |

### 1.5 Cluiche Drámaíochta: Mím an Fhir Ghrinn

Is mím faoi threoir atá i gceist leis an ngníomhaíocht seo. Treoraíonn am múinteoir an mhím agus leanann na páistí na treoracha. Is féidir an ceol seo a leanas a úsáid mar chúlra na míme: Radetsky's March, Strauss.

- Is fear grinn tú.
- Siúl timpeall an tsorcais.
- Féach ar an lucht féachana.
- Tá buicéad os do chomhair amach- pioc suas é!
- Siúl agus cas leis an mbuicéad, siúl agus cas!
- Féach, sconna!
- Cuir an buicéad faoin sconna.
- Cas an sconna.
- Scríob do cheann fad is atá tú ag fanacht.
- Cas an sconna as.
- Siúl agus cas leis an mbuicéad, siúl agus cas!
- Féach, dréimire!
- Fág síos an buicéad.
- Féach suas ar an dréimire.
- Féach suas, suas, suas go hard.
- Pioc suas an buicéad agus téigh suas ar an dréimire.
- Suas leat (1,2,3..)
- Ó, rinne tú dearmad ar do cheirt.
- Síos leat arís.
- Faigh ceirt agus cur i do phóca é.
- Suas leat ar an dréimire arís.
- Ó, tá sé ag guagadh- woooh wooooh!
- Ar aghaidh leat, suas leat!
- Tóg an cheirt amach as do phóca.
- Cuir uisce air.
- Glan an fhuinneog.
- Féach, tá daoine ar an taobh istigh.
- Abair 'Haigh' leo!
- Síos leat arís.
- Tá braoinín fágtha sa bhuicéad, steall an t-uisce ar do chara!

**1.6 Éist agus Dathaigh an Pictiúr**
Tugann an múinteoir treoracha maidir le rudaí éagsúla a dhathú ar dhathanna éagsúla. D'fhéadfá comórtas ealaíne Sheachtain na Gaeilge a bhunú ar an ngníomhaíocht seo. (Féach Aguisín 1 do phictiúr samplach bunaithe ar na treoracha thíos.)

Script shamplach:
Cuir/Cuirigí dath liath ar an spéir.
Cuir/Cuirigí dath glas ar na cnoic.
Cuir/Cuirigí dath buí ar an bhféar.
Cuir/Cuirigí dath donn ar an srónbheannach.
Cuir/Cuirigí dath bándearg ar chluas an tsrónbheannaigh.
Cuir/Cuirigí dath gorm ar na locháin uisce.
Cuir/Cuirigí dath uachtar ar na clocha.
Cuir/Cuirigí dath dúghlas ar an abhainn.
Cuir/Cuirigí dath glas ar an bhfrog.
Cuir/Cuirigí dath oráiste i lár na mbláthanna.
Cuir/Cuirigí dath bándearg ar an bhféileacán, le spotaí buí.
Cuir/Cuirigí dath buí ar ghob an éin agus dath oráiste ar chosa an éin.

**1.7 Éist agus Tarraing Pictiúr**
Leanann na páistí treoracha maidir le pictiúr a tharraingt. Is féidir duais a thabhairt don pháiste leis an bpictiúr is cóngaraí leis an bpictiúr a úsáidtear. D'fhéadfá comórtas ealaíne Sheachtain na Gaeilge a bhunú ar an ngníomhaíocht seo. (Féach Aguisín 2 do phictiúr samplach agus do shleamhnáin thacaíochta bunaithe ar an script thíos.)

Script shamplach:
Tarraing/Tarraingígí ubhchruth mór i lár an leathanaigh.
Tarraing/Tarraingígí cearnóg faoin ubhchruth.
Tarraing/Tarraingígí dhá líne ag teacht as an gcearnóg, ceann ar dheis agus ceann ar chlé.
Tarraing/Tarraingígí dhá ubhchruth bheaga in aice leis an ubhchruth mór, ceann ar dheis agus ceann ar chlé.
Tarraing/Tarraingígí dhá chiorcal laistigh den ubhchruth, ceann ar dheis ag an mbarr agus ceann ar chlé ag an mbarr.
Tarraing/Tarraingígí triantán i lár an ubhchrutha.
Tarraing/Tarraingígí dronuilleog faoin triantán.
Tarraing/Tarraingígí ciorcal beag ar bharr an leathanaigh ar chlé.
Tarraing/Tarraingígí línte briste ag teacht as an gciorcal beag.

**1.8 Cartúin nó Gearrscannáin as Gaeilge**
Tá réimse cartún agus gearrscannán ar fáil as Gaeilge ar líne. Chun tasc éisteachta dírithe a chruthú tabhair ceist fhócais do na páistí roimh thús an chláir nó an ghearrscannáin chun aird na bpáistí a dhíriú. Is féidir teacht ar chláir do pháistí as Gaeilge ar an suíomh Cúla 4: http://old.tg4.ie/ie/programmes/cula4.html agus tá réimse gearrscannán ar fáil ar an suíomh seo: http://www.thisisirishfilm.ie/shorts. D'fhéadfá oíche scannáin as Gaeilge a eagrú do thuismitheoirí agus do pháistí le linn na seachtaine chomh maith.

**1.9 Éisteacht le Ceol Gaelach**

Ceoltóirí áitiúla a thabhairt isteach chun seisiún ceoil a chur ar siúl nó na páistí iad féin a chur i mbun ceoil, fiú na hardranganna ag casadh ceoil do na bunranganna.
Dlúthdhiosca le ceol Gaelach a bheith le cloisteáil ar maidin, ag am lóin agus ag am baile ar fud na scoile.

**1.10 Gníomhamhráin / Zúmba Gaelach**

Is aoibhinn le páistí a bheith ag rince agus tá réimse gníomhamhráin ar fáil as Gaeilge. D'fhéadfá seisiúin Zúmba Gaelach a dhéanamh freisin, le linn rang corpoideachais nó ar an gclós ag am lóin, le treoracha tugtha trí mheán na Gaeilge. (Féach an liosta thíos le haghaidh roinnt samplaí de ghníomhamhráin.)
Gníomhamhráin Shamplacha:

- Hócaí Pócaí
- Ceann, Gualainn, Glúin is Cos
- Tá Teidí ag Siúl
- Ag Canadh sa Bháisteach, agus araile. (Féach Aguisín 3 do scripteanna na ngníomhamhrán thuas.)

**1.11 Ióga as Gaeilge**

Is féidir triail a bhaint as seisiún ióga a dhéanamh as Gaeilge leis na páistí. Tá roinnt smaointe a fháil ar shuíomh Óga-Yoga ar http://oga-yoga.ie/.

**1.12 Babhla Torthaí**

Suíonn na leanaí i gciorcal. Tugann an múinteoir ainm ar leith do na leanaí (foclóir/focail ón gceacht Gaeilge, mar shampla, úll, oráiste, banana, piorra agus araile. Seasann an múinteoir i lár an chiorcail agus nuair a ghlaonn an múinteoir focal ar leith amach (m.sh. piorra) caithfidh gach leanbh a bhfuil an focal sin aige/aici bogadh timpeall go háit nua.

**1.13 Céilí Sheachtain na Gaeilge**

Is minic a bhíonn céilí i scoileanna chun seachtain na Gaeilge a cheiliúradh. Is féidir na treoracha go léir a thabhairt as Gaeilge chun tasc éisteachta Gaeilge a chruthú le linn an chéilí. (Féach Aguisín 4 do threoracha le haghaidh roinnt rincí coitianta.)

**1.14 Damhsa na nDealbh**

Cluiche é seo gur féidir a úsáid le réimse leathan aoisghrúpaí ó Naíonáin go dtí na hArdranganna.

- Míníonn an múinteoir do na páistí go bhfuil sí chun ceol a chasadh. Le linn an cheoil a chasadh, déanann na páistí rince/saordhamhsa. Ach caithfidh na daltaí éisteacht go géar, mar nuair a stopfaidh an ceol, caithfidh gach duine stopadh den damhsa agus 'reo', gan aon chead bogadh go dtosóidh an ceol arís.
- Nuair a théann na daltaí i dtaithí ar an gcluiche, tugtar treoracha dóibh mar seo a leanas: Nuair a stopfaidh an ceol an uair seo, caithfidh tú seasamh ar chos amháin/ le do lámh ar do cheann/ le d'ordóg ar do chluas/ le do ghlúin ar an urlár agus araile.
- Aon duine nach leanann na treoracha i gceart nó rómhall, caithfidh siad seasamh amach.
- Bíonn an bua ag an té a leanann na treoracha uile i gceart.

**1.15 'Ready Steady Cook' as Gaeilge**
Is smaoineamh deas é 'Ready Steady Cook' a dhéanamh as Gaeilge leis na páistí le linn seachtain na Gaeilge. (Féach Aguisín 5 chun roinnt smaointe a fháil.)

**1.16 Tráth na gCeist**
Is féidir tráth na gceist a chur ar siúl do pháistí nó do thuismitheoirí i rith Sheachtain na Gaeilge. (Féach Aguisín 6 do Thráth na gCeist shamplach do scoileanna T1.)

## 2. Gníomhaíochta Labhartha

### 2.1 Leadóg na bhFocal

Bíonn na páistí ag obair i bhfoirne, Foireann A in aghaidh Foireann B. Is féidir beirt nó triúr a bheith ar gach foireann. Tugtar téama do na páistí agus caithfidh siad foclóir a bhaineann leis an téama sin a rá foireann ar fhoireann go dtí nach bhfuil focal eile ar eolas ag foireann amháin. Faigheann an fhoireann eile pointe sa chás seo. Tugtar téama nua ansin agus leanann an cluiche ar aghaidh. Seo roinnt samplaí de théamaí:

<u>Torthaí:</u> úlla, banana, oráiste agus araile. <u>Éadaí:</u> geansaí, bróga, cóta agus araile.
<u>Poist:</u> múinteoir, dochtúir, báicéir agus araile.

### 2.2 Gúrú Litriú

Is féidir comórtas litriúcháin as Gaeilge a chur ar siúl le linn Sheachtain na Gaeilge, ar aon dul le 'Spelling Bee' as Béarla. An páiste a fhaigheann an méid is mó focal i gceart le linn an chomórtais 'Gúrú Litriú' is ea an buaiteoir.

### 2.3 Ceangail a Ceathair

Imríonn na páistí i bhfoirne, Foireann X agus Foireann O, le beirt nó triúr ar gach foireann. Bíonn réiteoir roghnaithe freisin do gach cluiche. Tugtar tábla le ceisteanna gramadaí nó le pictiúir do na páistí. Roghnaíonn Foireann X bosca amháin le tabhairt faoi. Má fhaigheann siad an freagra ceart cuireann siad X sa bhosca. Muna bhfaigheann bíonn an seans ag Foireann O triail a bhaint as an mbosca. Ansin roghnaíonn Foireann O bosca agus tugann siad faoi. Má tá an freagra ceart acu cuireann siad O sa bhosca. Leanann an cluiche ar aghaidh mar sin. Bíonn sé mar sprioc ag na páistí líne de cheithre bhosca a fháil agus bac a chur ar an bhfoireann eile ceithre cinn i líne a fháil rompu. (Féach Aguisín 7 do shamplaí den chluiche.)

### 2.4 Mála na nIontas

Líon mála le rudaí éagsúla. Caithfidh na páistí a lámh a chur sa mhála, rud a roghnú agus buille faoi thuairim a dhéanamh faoi cad atá ann. 'Ceapaim gur …. atá ann.' Mar leathnú ar an ngníomhaíocht seo, d'fhéadfadh na páistí cur síos a dhéanamh ar an rud atá ina lámh don rang agus bíonn ar an rang an tomhas a dhéanamh bunaithe ar na leideanna.

### 2.5 Táimid ag…

Tosaíonn an cluiche seo leis an múinteoir ag glaoch amach ordú éigin, m.sh. "Bígí ag rith." Caithfidh na páistí í a fhreagairt le "Go hiontach, táimid ag rith" agus déanann siad an geáitse. Tar éis tamaill, is féidir leis na páistí orduithe a ghlaoch amach agus beidh ar an ngrúpa uile an smaoineamh a mholadh le "go hiontach" a rá chomh maith le haithris a dhéanamh ar an ordú agus an geáitse a dhéanamh.

### 2.6 Feicimse le Mo Shúilín

Tá an cluiche seo oiriúnach do na bunranganna. Luann an múinteoir nó na páistí rud a fheiceann siad agus caithfidh na páistí tomhas a dhéanamh.
'Feicimse le mo shúilín, rud éigin a thosaíonn le 'b'.'
'An bhfeiceann tú banana?' 'An bhfeiceann tú bó?' agus araile.

**2.7 Cluiche Kim**
Imrítear an cluiche seo le trealamh an chluiche nó le pictiúir. Tógtar rud amháin/ nó pictiúr amháin ón mbord agus caithfidh na páistí tomhas a dhéanamh faoi cén rud a tógadh.

| | | |
|---|---|---|
| Sampla: Cad a thóg mé? | Thóg tú an ______. | Ar thóg tú an _______? |
| Cad atá imithe? | Tá an _____ imithe. | An bhfuil an ______ imithe? |

**2.8 Sioscadh Síneach**
Cluiche atá ar aon dul le 'Chinese Whispers' sa Bhéarla. Suíonn na páistí i gciorcal agus deir an múinteoir focal nó nath nó abairt iomlán i gcluas páiste amháin agus caithfidh an páiste sin an teachtaireacht chéanna a thabhairt don duine in aice leis/léi. Taistealaíonn an teachtaireacht timpeall an chiorcail agus feictear an bhfuil an teachtaireacht chéanna faighte ag an duine deireanach sa chiorcal.

**2.9 Am Ciorclach**
Bíonn deis ag gach duine sa chiorcal abairt amháin a rá faoi rudaí gur maith leo, rudaí nach maith leo, rudaí gur féidir leo a dhéanamh, agus araile.

| | | |
|---|---|---|
| Samplaí: | Is mise…. Is maith liom… | Is mise… Is fuath liom… |
| | Is mise… Is féidir liom… | Is mise… Ba mhaith liom… |

**2.10 Cén t-am é a Mhac Tíre Gránna?**
Roghnaítear an 'mac tíre' agus na 'caoirigh'. Seasann na caoirigh i líne ar thaobh amháin den halla agus seasann an mac tíre i lár an halla. Cuireann na caoirigh an cheist ar an mac tíre: 'Cén tam é a mhac tíre gránna?' Freagraíonn an mac tíre: 'Tá sé a dó a chlog'. Tógann na páistí dhá chéim ina threo. Athraíonn an mac tíre an t-am gach uair a chuirtear an cheist agus bogann na páistí ar aghaidh an méid céim sin. Leanann sé seo ar aghaidh go dtí go bhfreagraíonn an mac tíre: 'Tá sé in am dinnéir!' Déanann na caoirigh iarracht rith go dtí balla eile sa halla roimh go mbeireann an mac tíre greim orthu. Má bheirtear orthu, is iadsan an mac tíre sa chéad chluiche eile.

**2.11 Searáidí**
Roghnaíonn páiste cártaí le focal nó frása orthu. Bíonn ar an bpáiste mím a dhéanamh de na focail nó de na frásaí. Tá dhá nóiméad ag an bhfoireann buille faoi thuairim a dhéanamh faoi na focail atá á mímeáil aige/aici. Déanann sé/sí iarracht an méid cárta agus gur féidir a dhéanamh laistigh den dá nóiméad. Faightear pointe do gach focal atá i gceart acu.
(Féach Aguisín 8 do chártaí samplacha.)

**2.12 Cá bhfuil sé?**
Cuir puipéad, airgead, milseáin agus araile i bhfolach sa seomra. Caithfidh na páistí ceisteanna a chur chun teacht air: 'An bhfuil sé sa chófra, sa mhála, ar an... , faoin...., idir... ? agus araile. (Féach Treoirlínte do Mhúinteoirí lch 79)

**2.13 Suirbhé Scoile**
Déan suirbhé timpeall na scoile/sa bhaile, ag cur ceisteanna ar dhaoine faoi chláir theilifíse, spóirt, na dathanna, bianna, leabhair is fearr leo agus araile.

**2.14 Cluichí Cuimhne:**

Bíonn ar na páistí éisteacht agus cuimhneamh ar na rudaí go léir a luann na páistí eile.

- Chuaigh mé go dtí an siopa. Cheannaigh mé úll.
  Chuaigh mé go dtí an siopa. Cheannaigh mé úll agus banana.
  Chuaigh mé go dtí an siopa. Cheannaigh mé úll, banana agus oráiste agus araile.
- D'ith mé oráiste ag am lóin (dinnéar agus araile).
  D'ith mé oráiste agus úll ag am lóin.
  D'ith mé oráiste, úll agus seacláid ag am lóin agus araile.
- Chuaigh mé go dtí an trá/an zú. Chonaic mé/Chuala mé/D'ith mé/D'ól mé…
  D'oscail mé mo mhála agus thóg mé mo pheann luaidhe amach….
  Mo bhreithlá a bhí ann agus fuair mé geansaí….

<u>Leathnú:</u>

Aidiacht a chur le gach ainmfhocal: úll dearg, cóta bán, madra donn…
Abairtí amaideacha a chumadh: Chonaic mé bó bhuí, madra corcra, agus araile.
Fuaimeanna na n-ainmhithe a mhúineadh: Chuala mé madra ag tafann/cat ag crónán.
Aimsirí na briathra a athrú: Rachaidh mé go dtí an trá agus cuirfidh mé uachtar gréine, ceapairí…. i mo mhála.

**2.15 Aimsigh na Difríochtaí**

Oibríonn páistí i mbeirteanna. Bíonn dhá phictiúr éagsúla ag na páistí. Bíonn difríochtaí beaga idir na pictiúir. Ní bhíonn cead ag na páistí breathnú ar an bpictiúr eile. Caithfidh siad ceisteanna a chur chun teacht ar na difríochtaí. (Féach Aguisín 9 do phictiúir shamplacha.)

Comhrá Samplach:

| | |
|---|---|
| An bhfuil X ar do leathanach? | Tá/Níl X ar mo leathanach. |
| Cá bhfuil an X ar do leathanach? | Tá an X i lár an leathanaigh. |
| | Tá an X i lár an leathanaigh ar an taobh clé. |
| | Tá an X i lár an leathanaigh ar an taobh deas. |
| | Tá an X ag barr an leathanaigh ar an taobh clé. |
| | Tá an X ag barr an leathanaigh ar an taobh deas. |
| | Tá an X ag bun an leathanaigh ar an taobh clé. |
| | Tá an X ag bun an leathanaigh ar an taobh deas. |

Tá an X ar mo leathanach freisin ach tá sé ag bun an leathanaigh ar an taobh deas.

Ar leathanach A bhí an leithreas i lár an leathanaigh ach ar leathanach B bhí an leithreas ag barr an leathanaigh ar an taobh clé.

Ní raibh aon leithreas ar leathanach A, ach bhí leithreas i lár an leathanaigh ar leathanach B.

**2.16 Fiche Ceist**

Múin na ceisteanna ar dtús! Cuir rialacha i bhfeidhm chun a chinntiú go n-úsáideann na páistí an teanga go cruinn, mar shampla, caithfidh gach ceist tosú le 'An bhfuil…' nó 'An féidir…?' (Féach Treoirlínte do Mhúinteoirí lch 89)

| | | |
|---|---|---|
| Samplaí: | An bhfuil sé sa seomra? | |
| | An bhfuil sé mór? | Freagra: Tá/Ní |
| | An féidir é a ithe? | |
| | An féidir é a ól? | |
| | An féidir é a fheiceáil? | Freagra: Is féidir/Ní féidir |

**2.17 Buille Faoi Thuairim (Guess Who) / Cé mise? (Headbandz)**

Múin na rialacha gramadaí a bhaineann leis an gcopail roimh an gcluiche seo.

Buille Faoi Thuairim: Roghnaíonn páiste amháin carachtar agus caithfidh a p(h)áirtí buille faoi thuairim a dhéanamh faoi cé hiad.

Cé Mise? Tugtar carachtar do pháiste ar 'post-it', greamaítear an 'post-it' le droim nó le clár éadain an pháiste agus caithfidh siad buille faoi thuairim a dhéanamh faoi cé hiad féin. (Féach Aguisín 10 do leathanaigh thacaíochta le ceisteanna agus freagraí samplacha.)

**2.18 Fíor, Fíor, Bréagach**

Bíonn na páistí ag obair i mbeirteanna. Caithfidh gach páiste trí rud a rá, dhá rud atá fíor agus rud amháin atá bréagach. Bíonn ar an bpáiste eile an bhréag a aithint. Tá an cluiche seo go maith le haghaidh na briathra agus na haimsirí éagsúla a chleachtadh.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Páiste 1: | Chuaigh mé go dtí an phictiúrlann ag an deireadh seachtaine. | | |
| | D'ith mé píotsa aréir. | | |
| | D'ól mé gloine shú oráiste ar maidin. | | |
| Páiste 2: | Ar ith tú píotsa aréir? | Páiste 1: | D'ith. |
| | Ar ól tú gloine shú oráiste ar maidin? | | Níor ól! |

**2.19 Cluiche Comhrá**

Cluiche boird bunaithe ar an gcluiche nathracha agus dréimirí. Bíonn ábhair comhrá ar na boscaí éagsúla agus caithfidh na páistí na topaicí a phlé chun fanacht ar an mbosca sin. (Féach Aguisín 11 do chluiche boird shamplach.)

**2.20 Caifé Comhrá**

Tugtar biachlár le thopaicí éagsúla cainte air do gach péire. Caithfidh na páistí céad chúrsa amháin, príomhchúrsa amháin agus milseog amháin a roghnú agus na topaicí sin a phlé. Bogann na páistí ar aghaidh go páirtí eile, le biachlár eile agus tosaíonn an comhrá arís. (Féach Aguisín 12 do shampla de Caifé Comhrá.)

**2.21 Cluichí Clóis as Gaeilge / FCÁT (Foghlaim Comhtháite Ábhar agus Teanga)**

Mar ghníomhaíocht do Sheachtain na Gaeilge, d'fhéadfá cluichí clóis as Gaeilge a mhúineadh mar chuid den rang corpoideachais. Tá réimse cluichí clóis ar fáil sa leabhar 'Spreag an Ghaeilge le Spraoi' atá ar fáil ar líne. D'fhéadfá ranganna eile a mhúineadh trí mheán na Gaeilge chomh maith an tseachtain seo, ar nós Ealaín, Ceol agus araile.

**2.22 Amhráin / Amhránaíocht/ Karaoke**
Is aoibhinn le páistí a bheith ag canadh agus tá réimse ollmhór amhrán ar fáil as Gaeilge. Tá roinnt físeán amhrán forbartha ag TGLurgan go bhféadfá a úsáid chun tacú le seisiúin Karaoke as Gaeilge. Féach na suíomhanna seo a leanas chun teacht ar fhíseáin Karaoke: http://www.tglurgan.com/ nó https://www.youtube.com/user/tglurgan nó https://vimeo.com/lurgan.

**2.23 Drámaí / Sceitsí**
Is féidir dráma nó sceitsí a dhéanamh sa seomra ranga nó mar chur i láthair do thuismitheoirí nó don scoil iomlán. Tá scripteanna saor in aisce as Gaeilge ar fáil ar shuíomh an Fhéile Scoildrámaíochta ag http://www.scoildramaiocht.ie/scripteanna/.

**2.24 Gearrscannán as Gaeilge / Clár Raidió as Gaeilge**
Mar thionscnamh agus mar dhúshlán do pháistí níos cumasaí, d'fhéadfadh na hardranganna gearrscannán nó clár raidió a thaifid as Gaeilge.

**2.25 Seó Tallainne as Gaeilge**
Mar thaispeántas ar an obair iontach a dhéantar sna ranganna le linn Sheachtain na Gaeilge, d'fhéadfadh an scoil Seó Tallainne as Gaeilge a eagrú inar féidir le páistí amhráin, drámaí, gearrscannáin, ceoil, agus araile a chur os comhair an phobail.

**2.26 Díospóireacht as Gaeilge**
Mar dhúshlán do na páistí sna hardranganna is féidir díospóireacht as Gaeilge a eagrú idir na ranganna níos sine nó le scoil eile sa cheantar.

## 3. Gníomhaíochtaí Léitheoireachta agus Scríbhneoireachta

### 3.1 Scrabble as Gaeilge

Úsáid boird scrabble as Béarla chun cluiche scrabble Gaeilge a imirt.

### 3.2 Cuardach Focal

Bunaithe ar an téama agus ar an bhfoclóir atá ar eolas ag na páistí is féidir cuardach focal as Gaeilge a chruthú. Tá cuardaigh focal bunaithe ar na focail Dolch as Gaeilge ar fáil ar líne ag: http://ccea.org.uk/curriculum/gaeloideachas/eochairch%C3%A9imeanna_1_2/r%C3%A9ims%C3%AD_foghlama/teanga_agus_litearthacht/f%C3%A9asta_focal.

### 3.3 Tóraíocht Taisce na bhFocal

Fearais

- Focal cuardach (ar fáil www.snag.ie)
- Pinn luaidhe ildaite
- Luaschártaí le prionta ildaite/ pictiúir

Rialacha

- Páistí ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí éagsúla (obair foirne)
- Faigheann gach foireann focal cuardach. Tá leideanna an fhocail chuardaigh crochta timpeall na scoile. Mar shampla, leid amháin crochta i halla na scoile, leid eile crochta sa phasáiste, agus araile.
- Tá dath faoi leith ar gach leid.
- Nuair a fhaigheann na páistí an leid sin, tá orthu an leid a aimsiú ar dtús san fhocal cuardach agus é a dhathú isteach leis an dath ceart.
  (leid bhuí = dathaigh an focal cuardach buí, leid chorcra = dathaigh an focal cuardach corcra agus araile.)
- Bíonn an bua ag an gcéad fhoireann leis na leideanna go léir aimsithe agus daite i gceart acu!

Dushláin Bhreise do Ghaelscoileanna:

In ionad an leid a scríobh taispeáin pictiúr agus tá orthu an focal a fháil. Cuir dath faoi leith in aice gach pictiúr. (Mar shampla, más cearc an leid, taispeáin pictiúr do chearc agus cuir spota dearg in aice leis. Aimsítear cearc san fhocal cuardach agus líontar freagra na ceiste le peann dearg.)

### 3.4 Amhrán: Éist agus Líon na Bearnaí

Úsáid liricí d’amhrán as Gaeilge, nach bhfuil ar eolas ag na páistí, mar ghníomhaíocht éisteachta. Bain roinnt de na focail as na liricí agus caithfidh na páistí éisteacht agus na bearnaí a líonadh. (Féach Aguisín 13 d’amhrán samplach le bearnaí.)

### 3.5 Gaeilge Ghasta

Tugtar méid áirithe ama do na páistí líon áirithe ceisteanna a chur. Faightear pointe do gach ceist a fhreagraítear. Bíonn an bua ag an mbeirt leis an méid is mó ceisteanna freagartha laistigh den mhéid ama luaite. (Féach Aguisín 14 do bhileog stiúrtha don chomhrá.)

### 3.6 Aimsigh an Focal Corr

1. Dearg, bán, clog, dubh
2. Bróg, bríste, t-léine, teilifís
3. Brón, áthas, fearg, gruaig
4. Peann, cailc, marcóir, teach
5. Scoil, páistí, ospidéal, siopa
6. An Fhrainc, Málta, geansaí, An Ghréig
7. Subh, turcaí, feoil, cat
8. Doras, fuinneog, briosca, cathaoir
9. Geansaí, cóta, oráiste, hata
10. Brístí, cos, geansaí, stocaí
11. Mála, leabhar, madra, peann
12. Sacar, peil, iomáint, carr
13. Úll, piorra, banana, práta
14. Bó, caora, capaill, cailín
15. Buí, glas, crann, gorm
16. Bábóg, liathróid, traein, oráiste
17. Buí, oráiste, úll, gorm
18. Úll, oráiste, feoil, banana
19. Camán, sliotar, bád, clogad
20. Mála, peann, leabhar, úll
21. Capall, cat, cailín, madra
22. Geansaí, scian, stoca, cóta
23. Máirt, Déardaoin, Eanáir, Domhnach
24. Úll, oráiste, piorra, leaba
25. Bríste, léine, fuinneog, bróg
26. Lámh, béal, srón, úll
27. Bord, peil, cathaoir, doras
28. Bord, cathaoir, clár dubh, madra
29. Oráiste, méar, úll, sméara dubha
30. Cathaoir, bord, clár dubh, sneachta

### 3.7 Cluiche na mBalún / Cuir Thart an Beart

<u>Fearais</u>

- Balún
- Ceol
- Ordaithe éagsúla le cur isteach sa bhalún
- Samplaí: Is madra mé- bhuf bhuf bhuf!!
  Is sicín mé -tsíp tsíp tsíp…
  Is bó mé -múúú múúú múúú…
  Féach orm, tá mé ag léim/ag canadh agus araile.
  Is eitleán thú! Téigh timpeall an chiorcail ar nós eitleán torannach!
  Is dochtúir dainséarach thú. Déan scrúdú ar othar éigin sa chiorcal.

<u>Rialacha</u>

- Cuirtear an ceol ar siúil agus seoltar an balún timpeall an chiorcail.
- Nuair a stopann an ceol bíonn ar an bpáiste leis an mbalún é a phléascadh agus an nóta gairid a léamh.
- N.B. Braitheann na h-orduithe ar leibhéal Gaeilge na bpáistí.

**3.8 Léitheoireacht Roinnte**

Is féidir léitheoireacht roinnte as Gaeilge a eagrú idir na hardranganna agus na bunranganna.

**3.9 Seó Puipéad**

D'fhéadfadh na páistí script a scríobh agus é seo a léamh mar chuid de sheó puipéad do ranganna eile.

**3.10 Léitheoireacht Amharclainne**

Ar aon dul le 'Readers' Theatre', is féidir scripteanna Gaeilge a úsáid chun léitheoireacht amharclainne a chur ar bun sa seomra ranga. Féach ar http://www.scoildramaiocht.ie/scripteanna/ do scripteanna saor in aisce.

**3.11 An Obair Bhaile a Scríobh as Gaeilge**

D'fhéadfadh na hardranganna an obair bhaile a scríobh as Gaeilge le linn Sheachtain na Gaeilge.

**3.12 Twitter Gaeilge**

Mar thionscnamh do Sheachtain na Gaeilge d'fhéadfadh na páistí sna hardranganna Twitter as Gaeilge a chruthú agus roinnt píosaí téacs a scríobh mar Tweets.

**3.13 Contrárthachtaí**

Scríobh liosta aidiachtaí ar an gclár dubh m.sh. mór, fada, ard, trom, te, geal, tapaidh. Iarr ar na leanaí na contrárthachtaí a scríobh sna cóipleabhair. Déan ceann nó dhó leo ar an gclár dubh chun a chinntiú go dtuigeann siad cad atá le déanamh acu. Nuair atá críochnaithe acu iarr orthu na focail atá scríofa acu a léamh amach. Scríobh na focail seo ar an gclár dubh anois in aice leis na focail atá ann cheana. Ansin glan amach an chéad liosta a bhí agat agus iarr ar na leanaí na focail sin a thabhairt chun cuimhne.
Samplaí eile: crua, bog, athair, máthair, buachaill, cailín, mac, iníon, deartháir, deirfiúr, aintín, uncail, lán, folamh, óg, aosta, ramhar, tanaí, ceannaigh, díol, samhradh, geimhreadh, glan, salach, ceart, mícheart, dubh, bán, tosaíonn, críochnaíonn, saor, daor, fíor, bréagach, go maith, go dona, oscailte, dúnta.

**3.14 Nuachtlitir /Fógra Sheachtain na Gaeilge**

Mar chuid de Sheachtain na Gaeilge d'fhéadfadh na páistí sna hardranganna nuachtlitir a chur le chéile ag déanamh cur síos ar na gníomhaíochtaí éagsúla a bhí ar siúl do Sheachtain na Gaeilge nó d'fhéadfaidís fógra as Gaeilge a dhearadh agus a scríobh chun fógraíocht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí a bheidh ar siúl sa scoil le linn Sheachtain na Gaeilge.

## 4 (a) Spreagadh na Cainte i measc na bPáistí

### 4.1 Gaeilgeoir an Lae/na Seachtaine/na Míosa

Greamáin speisialta nó duaiseanna eile a úsáid sa rang nó ar an gclós dóibh siúd a dhéanann iarracht an Ghaeilge a labhairt le linn Sheachtain na Gaeilge. (Féach Aguisín 15 do theastas samplach.)

### 4.2 Réimse Comórtas nó Taispeántas chun Cultúr na Gaeilge a Chur Chun Cinn

- Taispeántas / Comórtas Drámaíochta
- Taispeántas / Comórtas Amhránaíochta
- Taispeántas / Comórtas Ealaíne
  (Mar shampla pictiúr do Naomh Pádraig a dhathú nó a tharraingt do na bunranganna. Ealaín bunaithe ar na seanfhocail do na hardranganna. Hata 'Lá le Pádraig' a dhearadh agus a thógáil agus duaiseanna don hata is fearr.)
- Feis Aithriseoireachta (Comórtas dánta agus rannta a rá as Gaeilge.)
- Feis Rince
- Fleadh Ceoil Scoile
- Comórtas Scríbhneoireachta / Filíochta

### 4.3 Lá Gaeilge (Comhrá 24)

Lá amháin roghnaithe mar Lá Gaeilge. Gléasann na páistí agus na múinteoirí in éadaí glasa chun an lá a cheiliúradh. D'fhéadfadh na hardranganna dúshlán ar nós 'Comhrá 24' le Conradh na Gaeilge a dhéanamh ina labhraíonn an rang Gaeilge an lá ar fad.

## 4 (b) Spreagadh na Cainte i measc na Múinteoirí agus na Tuismitheoirí

### 4.4 FCÁT (Foghlaim Comhtháithe Ábhar agus Teanga)

Na múinteoirí ag múineadh ábhair eile trí mheán na Gaeilge, mar shampla corpoideachas, ealaín, ceol, agus araile.

### 4.5 Teachtaireachtaí trí Ghaeilge

Na fógraí ar an idirchum a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Na múinteoirí ag seoladh teachtaireachtaí go seomraí eile trí Ghaeilge.

### 4.6 Nathanna Cainte Úsáideacha


Liosta de nathanna cainte úsáideacha gur féidir a úsáid i rith an lae scoile a scaipeadh ar na múinteoirí mar thacaíocht do Sheachtain na Gaeilge. Cóip de roinnt de na nathanna is úsáidí a sheoladh abhaile chuig na tuismitheoirí chun iad a mhealladh chun roinnt Gaeilge a labhairt freisin.

### 4.7 Maidin Chaife na Múinteoirí / na dTuismitheoirí

Ciorcal comhrá a chur ar bun sa seomra foirne do shos amháin. Na múinteoirí ag labhairt Gaeilge amháin le linn an tsosa. Nó maidin chaife le ciorcal comhrá a eagrú do na tuismitheoirí.


**Aguisín 1: Éist agus Dathaigh**






**Aguisín 2: Éist agus Tarraing**

**Sleamhnán Tacaíochta:**




**Pictiúr Samplach:**



**Aguisín 3: Gníomhamhráin**

Is féidir na gníomhamhráin seo a chur in oiriúint do réimse leathan ranganna ó Naíonáin go Rang 4.

- Canann an múinteoir an curfá ag baint úsáide as neart geaitsí.
- Déanann na daltaí aithris uirthi/air.
- Leanann na daltaí na treoracha a thugtar dóibh
- Leathnaítear an gníomhamhráin mar seo a leanas: Ag tús gach curfá insíonn an múinteoir do na leanaí an curfá a chanadh go mall, go tapaidh, go sciobtha, go ciúin, gan focal ar bith a chloisteáil, ar nós na gaoithe, chomh mall le seilide, agus araile.
- Le go leor cleachtaidh, d'fhéadfadh dalta /daltaí ról an mhúinteora a ghlacadh agus na treoracha a thabhairt.

<u>Gníomhamhráin 1: An Hócaí Pócaí</u>
Cuir do lámh dheas isteach,
Do lámh dheas amach,
Isteach, amach, isteach, amach,
Agus croith timpeall é.
Déan an hócaí pócaí agus cas timpeall,
Sin mar a dhéantar é.

Ó Hócaí Hócaí Pócaí X3
Sin mar a dhéantar é.

<u>Véarsaí Eile:</u> Lámh chlé, cos dheas, cos chlé, srón, gruaig, do chorp iomlán, agus araile.

<u>Gníomhamhráin 2: Ceann, Gualainn, Glúin is Cos</u>
Ceann, gualainn, glúin is cos, glúin is cos,
Ceann, gualainn, glúin is cos, glúin is cos,
Agus súile, cluasa, béal agus smig,
Ceann, gualainn, glúin is cos, glúin is cos.

<u>Gníomhamhráin 3: Tá Teidí ag Siúl</u>
Tá Teidí ag siúl,
Tá Teidí ag siúl,
Hé, hó mo Dhaidí ó,
Tá Teidí ag siúl.

Véarsaí Eile:
Tá Teidí ag rith …
Tá Teidí ag titim …
Tá Teidí ag gol …
Tá Teidí ag gáire …

Gníomhamhráin 4: Ag Canadh sa Bháisteach


Ag cur báistí arís,
Ag cur báistí aris,
Ní stopann sé choíche –
Ó, cá bhfuil an ghrian?

Fan nóiméad!
Ordóga amach (faoi dhó)
Rostaí le chéile (faoi dhó)
Tóin amach (faoi dhó)
Cliabh amach (faoi dhó)
Ar chois amháin (faoi dhó)
Tóg síos do smig (faoi dhó)
Súile dúnta (faoi dhó)
Teanga amach (faoi dhó)
Arú cha cha! Arú cha cha! Arú cha cha cha! X 4


**Aguisín 4: Rincí Céilí**

<u>Ballaí Luimnigh</u> (Beirt os Comhair Bheirte)


Isteach 2,3, Isteach 2,3.
Amach 2,3, Amach 2,3.
Isteach 2,3, Isteach 2,3.
Amach 2,3, Amach 2,3.



Cailíní trasna 2,3,4,5,6,7 agus
Léim 2,3 agus Léim 2,3.
Buachaillí trasna 2,3,4,5,6,7 agus
Léim 2,3 agus Léim 2,3.




Amach 2,3,4,5,6,7 agus
Léim 2,3 agus Léim 2,3.
Ar ais 2,3,4,5,6,7 agus
Léim 2,3 agus Léim 2,3.




Luascadh! (Céad chúpla eile)

<u>Ionsaí na hInse</u> (Ceathrar os comhair ceathrair)


Isteach 2,3, Isteach 2,3.
Amach 2,3, Amach 2,3.
Isteach 2,3, Isteach 2,3.
Amach 2,3, Amach 2,3.




Cúplaí trasna 2,3,4,5,6,7 agus
Léim 2,3 agus Léim 2,3.
Agus ar ais 2,3,4,5,6,7 agus
Léim 2,3 agus Léim 2,3.



Timpeall i gciorcal 2, 3, Léim 2,3
Léim 2,3, agus Léim 2,3.
Agus ar ais 2, 3, Léim 2,3,
Léim 2,3 agus Léim 2,3.



Isteach 2,3, Isteach 2,3.
Amach 2,3, Amach 2,3.
Tríd na hÁirsí 2,3, Léim 2,3
Léim 2,3 agus Léim 2,3.



(Céad chúpla eile)

Reacaireacht (Beirt le Chéile)

Sáil agus Barraicín, 1,2,3, Iompaigh,
Sáil agus Barraicín, 1,2,3, Iompaigh,
Sáil agus Barraicín, 1,2,3, Iompaigh,
Sáil agus Barraicín, 1,2,3, Iompaigh.

Cas 2,3 agus Cas 2,3 agus Cas 2,3 agus Cas 2,3.

Cuir Crúb ar an Asal (Beirt le Chéile)

Léim 2, 3, Léim 2, 3, Cas 2,3, Gread.
Léim 2, 3, Léim 2, 3, Cas 2,3, Gread.
Léim 2, 3, Léim 2, 3, Cas 2,3, Gread.
Léim 2, 3, Léim 2, 3, Cas 2,3, Gread.

Cas 2,3, Gread agus Cas 2,3 Gread.
Cas 2,3, Gread agus Cas 2,3 Gread.
Cas 2,3, Gread agus Cas 2,3 Gread.
Cas 2,3, Gread agus Cas 2,3 Gread.

Féach ar na físeáin seo ar YouTube chun na rincí thuas a fhoghlaim muna bhfuil siad ar eolas agat cheana:

Ballaí Luimní: https://www.youtube.com/watch?v=TjoNC5KIzQI
Ionsaí na hInse: https://www.youtube.com/watch?v=SWomEoQJGjE
Cuir Crúb ar an Asal: https://www.youtube.com/watch?v=0TvvcOGMpSw

**Aguisín 5: 'Ready, Steady, Cook' as Gaeilge**





Ready,Steady, Cook!
(A hAon, a Dó, a Trí -Bí ag Cócaireacht!)

Treoracha Ginearálta

1. Pioctar beirt ón rang, duine amháin mar ionadaí ón bhfoireann ghlas agus an duine eile mar ionadaí ón bhfoireann dhearg.
2. Tugtar sprioc-ama (deich nóiméad) dóibh dul in aghaidh an chloig agus tasc faoi leith a chomhlíonadh. Mar shampla, aghaidh fhear grinn a dhearadh le huachtar reoite nó aghaidh ghreannmhar a dhearadh le siúcra reoáin agus brioscaí!
3. Tá an bheirt in iomaíocht lena chéile agus is faoi dhiscréid an lucht féachana cinneadh a dhéanamh cé acu an cócaire is fearr!
4. Tugtar cárta dearg agus cárta glas don lucht féachana ag tús an chluiche. Nuair atá an sprioc-ama thart buailtear cloigín agus iarrtar ar na páistí a thaispeáint cén fhoireann is fearr leo leis an gcárta cuí (dearg nó glas).
5. Bíonn an bua ag an bhfoireann a fhaigheann an méid is mó vótaí.
6. Níl cead aon Bhéarla a úsáid i rith na cócaireachta.
7. Is féidir leis an múinteoir an cluiche a léiriú agus caint a mhealladh ón lucht féachana agus ó na hiomaitheoirí.

Moltaí

- Is féidir leis an múinteoir an téama 'bia' a roghnú roimh Sheachtain Na Gaeilge ionas go mbeidh an stór focal agus téarmaíocht oiriúnach acu roimh ré.
- Is féidir ceacht a bhunú ar conas oideas a léamh/ a scríobh nó a dhearadh. Samplaí maithe ar fáil i mBreacadh (cúrsaí cócaireachta lth 14) agus an leabhar 'Páistí sa Chistin' le Myra agus Máire Nic Eochaidh (An Gúm).
- Póstaer do bhia éagsúla ar fáil ó Ghael Linn.
- Bunranganna: Is féidir leis na páistí tasc a chomhlíonadh le cabhair ó phictiúir. Mar shampla, taispeánann an múinteoir pictiúr d'aghaidh bhrónach don dá fhoireann agus tá orthu é a dhearadh le siúcra reoáin ar an mbriosca.
- Ardranganna: Is féidir leis an múinteoir luaschártaí a úsáid leo nó díreach treoir faoi leith a thabhairt dóibh.

Oideas (Roinnt samplaí gur féidir leat a thriail!)

1. Brioscaí / Cístí Beaga a Dhearadh

Comhábhair

- Brioscaí (Digestives) nó cístí beaga
- Siúcra reoáin
- Hundreds and thousands/cnónna/torthaí/seacláid/milseáin agus araile.

1. Leagtar na brioscaí/cístí beaga ar an bpláta. Nuair a bhuailtear an cloigín tá ar an bpáiste aghaidh faoi leith a dhearadh leis na comhábhair atá tugtha dó/di.
2. Is féidir siúcra reoáin a fháil sa siopa (tá instant ar fáil) nó é a dhéanamh roimh réidh. Níl le déanamh ach an siúcra reoáin a chur i mbabhla agus uisce a chur leis go dtí go bhfuil taos tiubh déanta de.

2. Aghaidh Fhear Grinn a Dhearadh

Comhábhair

- Uachtar reoite
- Milseáin ( smarties nó m&ms )
- Cóin uachtar reoite
- Cás páipéir

1. Faigh scúp amháin d'uachtar reoite agus cuir sa chás páipéir é.
2. Deán aghaidh an fhir ghrinn leis na milseáin go léir.
3. Brú cóin uachtar reoite anuas ar an scup (an hata!).

3. Taitneamh le Torthaí: Banana-rama!

Comhábhair

- Bananaí buí
- Uachtar reoite
- Anlainn éagsúla ( seacláid, sú talúin &rl )
- Cnónna / torthaí difriúla / milseáin / cnaipí seacláide/ sprinkles &rl

1. Bain an craiceann den bhanana.
2. Gearr an banana i ndá phíosa.
3. Leag na píosaí ar an bpláta agus cuir dhá scúp d'uachtar reoite anuas orthu.
4. Is féidir é a mhaisiú anois!

4. Neadacha Torthaí

Comhábhair

- Réimse leathan torthaí
- Uachtar
- Neadacha meringue

1. Gearrtar na torthaí. (Is fiú réimse leathan do thorthaí a úsáid.)
2. Cuir an t-uachtar sa nead agus mhaisigh é leis na torthaí.

5. Nathair Nimhe

Comhábhair

- Piobar dearg
- Baguette
- Im
- Salami/pepperoni/slisne liamháis (do rogha feola!)
- Duilleoga leitíse
- 2 ológ ( lán le piobar dearg do na súile)

Beidh scian / 2 cocktail sticks agus bord aráin ag teastáil

1. Gearr an piobar ag déanamh cinnte nach bhfuil aon phíosaí bána nó síolta fágtha. Gearr an piobar agus fág píosa amháin do theanga na nathracha. Níl le déanamh ach V a gearradh amach i dtaobh amháin de.
2. Ansin, déan dhá leath den baguette
3. Cuir an t-im ar an mbonn leibheál.
4. Cuir an piobar, feoil agus leitís ar an arán.
5. Cuir barr an aráin anuas ar na comhábhair ar fad.
6. Déan an aghaidh anois! Úsáid an V don teanga agus greamaigh 2 ológ ar na cipíní chun na súile a dhéanamh.
7. Gearr an baguette suas i rannóga éagsúla agus leag amach iad i bhfoirm S (ar nós nathair nimhe wiggly!)
8. Chun pátrún faoi leith a chur ar dhroim na nathracha doirt anlann dearg ar an droim!

**Aguisín 6: Tráth na gCeist Shamplach**

Babhta a hAon:

1. Cén t-ainm atá ar an liathróid a úsáidtear san iománaíocht? Sliotar
2. Cad é an tríú spórt Gaelach? Iománaíocht, liathróid láimhe agus……..peil Ghaelach.
3. Cad is ainm don phríomh pháirc imeartha don CLG? Páirc an Chrócaigh.
4. Cé mhéad poll ar chúrsa gailf? 18
5. Cén t-ainm atá ar bhean chéile Shrek sna scannáin? Banphrionsa Fiona
6. Cén contae ina bhfuil ár scoil?
7. Cén dathanna atá ar bhrath na hÉireann? Glas, bán, oráiste.
8. Cén séasúr a bhíonn an Nollaig againn? An Geimhreadh.
9. Cén mhí a thagann ina dhiaidh mhí an Mhárta? Aibréan
10. Cad é an Ghaeilge ar “Daffodil”? Lus an Chrom Chinn.

Babhta a Dó:

1. Cén abhainn ar a bhfuil cathair Chorcaí suite? An Laoi.
2. Cad í príomhchathair Chúige Chonnachta? Gaillimh
3. Cad iad dathanna Aontroim ar an bpáirc imeartha? Dubh agus Dearg.
4. Cén t-ainm eile atá ag an gcontae Tír Chonaill? Dún na nGall
5. Seolann bád ó “Holyhead” i Sasana chuig cén baile In Éirinn? Dún Laoghaire – BÁC.
6. Cé mhéad contae i gCúige Mumhan? 6
7. Cén contae a bhfuil an méid is mó Craobh na hÉireann acu san Iománaíocht? Cill Chainnigh.
8. Cén contae a bhfuil an méid is mó Craobh na hÉireann acu sa Pheil? Ciarraí.
9. Cén t-ainm atá ar an bhfear sneachta sa scannán “Frozen”? Olaf
10. Cé mhéad deirfiúr atá ag Elsa, an bhanphrionsa sa scéal Frozen? 1


Babhta a Trí:

1. Litrigh liathróid.
2. Cad a bhíonn ar siúl ag “Na Coronas”? Ceoil.
3. Cár saolaíodh /rugadh Niall Horan? An Muilleann gCearr.
4. Cad é an sliabh is airde in Éirinn? Corrán Tuathail.
5. Cad é an contae is lú in Éirinn? Contae Lú.
6. Cén spórt a imríonn Pádraig Harrington? Galf.
7. Cén fheithid (insect) a bhaineann úsáid as Coirceog (hive)? Beach.
8. Céard í an abhainn is faide in Éirinn? An tSionainn.
9. Cad í an chathair is mó i dtuaisceart na hÉireann? Béal Feirste.
10. Cad as d’Enda Kenny? Maigh Eo.

Babhta a Ceathair:

1. Cén Ghaeilge atá ar "County Offaly"? Contae Uíbh Fhailí
2. Cá mbeidh an comórtas Eorpach Sacair ar siúl i mbliana? An Fhrainc.
3. Cé mhéad duine a shínigh Forógra na Poblachta ag tús Éirí Amach 1916? Seachtar.
4. Cad is ainm do chomharsa na Simpsons? Ned Flanders
5. Cad é príomhchathair na Polainne? Warsaw/Vársá
6. Cad is ainm don arán a itheann muintir na Fraince don bhricfeasta? Croissant/ Baguette.
7. Cén glasra a deirtear gur thug Walter Raleigh go hÉirinn don chéad uair? An Práta.
8. Cén t-ainm a thugadh do Setanta? Cú Chulainn.
9. Cad í an Ghaeilge ar "pinky" nó do mhéar bheag? Lúidín.
10. Cad é an t-ainmhí is tapúla ar domhan? An Síota/Cheetah.

Babhta a Cúig:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
|  |  |  |  |  |
| | | | | |
|  |  |  |  |  |
| | | | | |

Babhta a Sé:

1. Is glas iad na cnoic…..
2. Tús maith……
3. Níl aon tinteán mar ……
4. An té nach bhfuil láidir ní foláir dó a bheith…..
5. Tomhais: Ritheann sé ach níl aon chosa aige. Cad é? (Abhainn)
6. Sean duine ar theach is é ag caitheamh tobac. Cad é? Simléar le deatach.
7. An fear a rinne é, níor chaith sé é riamh. Agus an fear a chaith é, ní fhaca sé é riamh. Cad é? Conair (coffin)
8. Cad a thagann síos ach ní théann sé suas riamh? Fearainn/Báisteach.
9. Má ólaim, faighim bás, ach má ithim fanaim i mo bheatha. Cé mise? Tine.
10. Cad a thaistealaíonn mórthimpeall na cruinne ach fanann sé sa spota céanna an t-am go léir? Stampa.

Babhta a Seacht:

1. Cén uimhir é seo, XXIV? 24.
2. Cad é an tríú huimhir phríomha (3rd prime number) ? 5 (níl 1 san áireamh)
3. Cé mhéad taobh ag heicseagán? 6
4. Cad é leath milliún? Cúig chéad míle.
5. Cad a théann suas ach nach dtagann anuas? D’aois.
6. Cén mhí a bhfuil 28 lá ann? Gach ceann!
7. Cén saghas airgid atá acu in Albain? Sterling.
8. Cén saghas airgid atá acu i Meiriceá? Dollars
9. Rugadh mé ar ar 1ú Eanáir 1982. Cén aois mé? 34
10. Cé chomh fada is atá maratón? 26.2 míle.

Babhta a hOcht:

1. Cad é an t-orgán is mó sa chorp? An craiceann.
2. Cad é an pláinéid is cóngaraí don ghrian? Mercair.
3. Fíor nó bréagach. Is réalta é an ghrian. Fíor.
4. Cad é an fhoinse is mó de chumhacht ar domhain? An Ghrian.
5. Cathain a tháinig an fón póca “Apple” amach ar dtús, 2006, 2007 nó 2008? 2007.
6. Cé a bhunaigh Microsoft? Bill Gates (agus Paul Allen).
7. Cad dó a sheasann www? World wide web.
8. Cad dó a sheasann H2O? Uisce
9. Cén teocht a reonn uisce? O°C
10. Cad é an abhainn is faide ar domhan? An Níl- Nile


Babhta a Naoi:


1. Cad a ghlaoitear ar fheoil ó Fhia? Venison
2. Cé mhéad cnámh atá ag míol mór ina chorp? O.
3. An dtógann mosquitoes fireann nó mosquitoes baineann greim asat? Baineann.
4. Cé mhéad fáinne sa suaitheantas Oilimpeach? 5
5. Cad iad na dathanna? Gorm, buí, dearg, dubh, glas.
6. Cá raibh an chéad chluiche oilimpeach? An Ghréig.
7. Cad é príomhchathair na Sualainne? Stockholm
8. Cad é príomhchathair na Tealainne? Bangkok.
9. Cad é príomhchathair na Brasaíle? Brasilia.
10. Cad é príomhchathair na hÉigipte? Cairo.

Babhta a Deich:

1. Cá bhfuil an Taj Mahal? An Ind.
2. Cé mhéad lá i mbliain bhisigh? 366.
3. Cé a rinne an pictiúr don “Mona Lisa”? Leonardo De Vinci
4. Cá bhfeicfá an “Mona Lisa”? Sa Lourve i bPáras.
5. Cé a thug an focal “airgead” dúinn? Na Lochlannaigh.
6. Cén crann as a ndéantar camáin? An Fhuinseog.
7. Cén tír a chruthaigh Lego? An Danmhairg.
8. Cén spórt ina mbíonn an scór “Deuce”? Leadóg.
9. Cá raibh cónaí ar Sherlock Holmes? Baker Street.
10. Cad a ghlaoitear ar na Tramanna i mBÁC? An Luas.

Aguisín 7: Ceangail a Ceathair








# Ceangail a Ceathair


**An Forainm Réamhfhoclach**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **1.** ar + mé | **2.** le + sinn | **3.** ó + mé | **4.** ag + sé | **5.** do + sí | **6.** chuig + tú |
| **7.** ó + sinn | **8.** ar + sibh | **9.** faoi + sé | **10.** le + sí | **11.** ag + sinn | **12.** do + sé |
| **13.** le + mé | **14.** do + tú | **15.** ar + tú | **16.** ag + sí | **17.** faoi + sí | **18.** ó + tú |
| **19.** ó + sé | **20.** ag + tú | **21.** do + sibh | **22.** le + sibh | **23.** ar + sinn | **24.** faoi + sinn |
| **25.** le + siad | **26.** ar + sí | **27.** faoi + tú | **28.** ag + sibh | **29.** ó + sí | **30.** do + mé |
| **31.** chuig + mé | **32.** do + sinn | **33.** ar + siad | **34.** le + sé | **35.** faoi + mé | **36.** ag + mé |














# Ceangail a Ceathair

**Bia**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **1.**  | **2.**  | **3.**  | **4.**  | **5.**  | **6.**  |
| **7.**  | **8.**  | **9.**  | **10.**  | **11.**  | **12.**  |
| **13.**  | **14.**  | **15.**  | **16.**  | **17.**  | **18.**  |
| **19.**  | **20.**  | **21.**  | **22.**  | **23.**  | **24.**  |





**Aguisín 8: Searáidí as Gaeilge**

**Mé Féin**

| | |
|---|---|
| **Ainm** | **Aois** |
| **Súile** | **Gruaig** |
| **Deartháir** | **Uncail** |
| **Láidir** | **Craiceann** |

**Sa Bhaile**

| | |
|---|---|
| **Teach** | **Árasán** |
| **Cistin** | **Staighre** |
| **Doras** | **Tolg** |
| **Tine** | **Clog** |

**An Scoil**

| | |
|---|---|
| **Seomra Ranga** | **Clár Dubh** |
| **Cailc** | **Léarscáil** |
| **Ag Léamh** | **Príomhoide** |
| **Múinteoir** | **Ag Scríobh** |

**Bia**

| | |
|---|---|
| **Bricfeasta** | **Lón** |
| **Glasraí** | **Torthaí** |
| **Arán** | **Tae** |
| **Ag ithe** | **Anraith** |

**An Teilifís**

| | |
|---|---|
| **An Nuacht** | **An Aimsir** |
| **TG4** | **Clár Cainte** |
| **Cartún** | **Clár Spóirt** |
| **Pictiúr** | **R.T.É** |

**Siopadóireacht**

| | |
|---|---|
| **Siopaí** | **Ollmhargadh** |
| **Tralaí** | **Mála** |
| **Airgead** | **Siopa Éadaí** |
| **Ciseán** | **Airgeadóir** |

**Caitheamh Aimsire**

| | |
|---|---|
| **Cluichí Boird** | **Gailf** |
| **Ag Péinteáil** | **Ag Canadh** |
| **Rothaíocht** | **Seoltóireacht** |
| **Ag Snámh** | **Ag Imirt Peile** |

**Éadaí**

| | |
|---|---|
| Carbhat | Gúna |
| T-Léine | Brístí |
| Lámhainní | Hata |
| Cóta | Léine |

**An Aimsir**

| | |
|---|---|
| Fuar | Gaofar |
| Báisteach | Scamall |
| Grian | Teocht |

**Ócáidí Speisialta**

| | |
|---|---|
| Nollaig | Breithlá |
| Cáisc | Féasta |
| Bronntanas | Cáca |
| Bainis | Balún |

**Aguisín 9: Aimsigh na Difríochtaí**



Pictiúr A



Pictiúr B

**Aguisín 9: Aimsigh na Difríochtaí: Pictiúr A**














**Aguisín 9: Aimsigh na Difríochtaí: Pictiúr B**













**Aguisín 10**

**Buille Faoi Thuairim (Guess Who)**



**1. An fear tú?** ***( Sea / Ní hea / Is … mé / Ní … mé)***

**2. An bhean tú?** ***( Sea / Ní hea / Is … mé / Ní … mé)***

**3. Ar rugadh tú…**

in Éirinn / i Sasana / in Albain? ***(Rugadh / Níor rugadh)***

**4. An bhfuil tú i do chónaí**
in Éirinn/ i Sasana / i Meiriceá / sa Fhrainc… **(Tá / Níl)**

**5. An bhfuil dath … ar**

do chuid gruaige? (liath / donn / dubh) ***(Tá / Níl)***

**6. An bhfuil … ort?**

féasóg / croiméal / spéaclaí / gruaig rua… ***(Tá / Níl)***

**7. An bhfuil tú…**

óg / aosta / tanaí ***(Tá / Níl)***

**8. An … tú?** **(Sea/Ní hea)**
aisteoir / amhránaí / imreoir peile…

**9. Ba mhaith liom tomhais a dhéanamh**
An tusa …? ***( Is mé./ Ní mé.)***

**Aguisín 10**

**Cé mise? (Headbandz)**




**1. An fear mé?** (Sea / Ní hea / Is … tú / Ní … tú)

**2. An bhfuil mé i mo chónaí…**
in Éirinn / i Sasana / i Meiriceá / san Astráil? (Tá / Níl)

**3. An bhfuil baint agam le**
spórt / ceol / teilifís / scannáin …… (Tá / Níl)

**4. An … mé?** (Sea / Ní hea / Is … tú / Ní … tú)
peileadóir / imreoir sacair / iománaí / amhránaí / ceoltóir ……

**5. An bhfuil mé…**
beo / marbh / óg / aosta / ard / tanaí / maol (Tá / Níl)

**6. An bhfuil dath … ar**
mo chuid gruaige / mo shúile? (Tá / Níl)


**7. An bhfuil … orm?**
féasóg / croiméal / spéaclaí / gruaig dhubh… (Tá / Níl)

**8. Ba mhaith liom tomhais a dhéanamh**
An …. mé? (Sea / Ní hea / Is … tú / Ní …. Tú)

**Nathanna Eile:**


Cuir ceist orm.
Arís. Níor chuala mé thú.
Bhuaigh mise / tusa . / Tá an bua agam.
Tá an cluiche críochnaithe.
Ba mhaith linn / An féidir linn é a imirt arís, le'd thoil.

**Aguisín 11: Cluiche Comhrá**



**Aguisín 12**

**Caifé Comhrá**






**Aguisín 13: Líon na Bearnaí (Amhráin)**

<u>‘Wake Me Up’ le Avicii as Gaeilge</u>

Fáinne fí i gcoim na hoíche.
(Níl) 'tada riamh nach mbíonn thart.
Diabhail fhios a'm cá bhfuil deireadh mo _______
Ach táim ar an mbealach ceart.

Deir siad ________ gan a dhul sa tseans,
Nach dtagann ciall roimh ________.
Bhuel 'sé m'aistear é, Ní léir cén fhad a mhairfidh sé,
'Sé togha ar ________ chaoi.

<u>Curfá (X2)</u>
So Lig mé saor ón suan 'tá orm.
(Tai)speáin 'om _______ éasca cothrom.
Bainfidh mé ceann scríbe amach, sí m'aidhm,
Cíbe _______ atá i ndán.

(Tá) Mé ag iompar ualach mór an tsaoil
Ach níl a'm ach péire ________.
Súile troma is ___  ________ a dhul faoi
Ach ní chodlaíonn mé go sámh.

"Bris amach agus tú fós sach _______."
Chinnigh mé le dul in aghaidh.
Seo mo ré, Seasfaidh mé an fód,
'S leanfaidh _______ ar aghaidh.

<u>Nóta:</u> Téigh chuig https://www.youtube.com/watch?v=1A6__HssHW8 chun éisteacht leis an amhrán thuas.
Tá réimse d’amhráin nua-aimseartha eile ar líne ag TGLurgan gur féidir a úsáid don ghníomhaíocht seo. Is féidir teacht orthu ag http://www.tglurgan.com/ nó https://www.youtube.com/user/tglurgan nó https://vimeo.com/lurgan.

<u>Freagraí:</u>
Véarsa 1: scéil
Véarsa 2: liom, aois, aon
Cúrfá: bóthar, treo
Véarsa 3: lámh, an ghrian
Véarsa 4: óg, mé

**Aguisín 14: Gaeilge Ghasta**

# Gaeilge Ghasta



**Mé Féin**

Cad is ainm duit? ____________________ ☐

Cén aois tú? ____________________ ☐

Cá bhfuil tú i do chónaí? ____________________ ☐

**Bia**

Cén saghas bia is fearr leat? ____________________ ☐

Cad a bhí agat don dinnéar inné? ____________________ ☐

Cad a itheann tú ar do phíotsa? ____________________ ☐

Cad a íosfaidh tú don bhricfeasta amárach? ____________________ ☐

**Spórt**

Cén spórt is fearr leat? ____________________ ☐

Cén t-imreoir is fearr leat sa spórt sin? ____________________ ☐

An imríonn tú aon spórt? Imrím ☐ Ní imrím ☐ ☐

**Ceol**

Cén t-amhrán is fearr leat? ____________________ ☐

Cén t-amhránaí is fearr leat? ____________________ ☐

An seinneann tú uirlis cheoil? Seinnim ☐ Ní sheinnim ☐ ☐

**Caithimh Aimsire Eile**

Cén leabhar is fearr leat? ____________________ ☐

Cén carachtar is fearr leat sa leabhar sin? ____________________ ☐

Cad a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat?

____________________ ☐

**Iomlán: ____ /16**

**Aguisín 15: Spreagadh na Gaeilge – Teastas do Ghaeilgeoir na Seachtaine**

